

Treoir do Thuismitheoirí agus do Chúramóirí

An Réamhscoil agus an Náiscoil

Thig le scoileanna an tacaíocht seo a leanas a chur ar fáil:

cur síos ar an teanga/na téamaí a bheas á gclúdach sa réamhscoil/náiscoil mar aon le stór focal bunúsach agus treoir fuaimnithe don daingniú sa bhaile.



treoir agus stór focal do thascanna simplí is féidir a dhéanamh sa bhaile leis an spríochtheanga a dhaingniú, mar shampla, tionscadail ealaíne bunaithe ar théama, gníomhaíochtaí marla bunaithe ar théama, puzail shimplí srl.



naisc chuig leabhair ar líne agus pacáistí aonair leabhar, mar aon le heochairfhoicil/nathanna cainte a thig le tuismitheoirí a dhaingniú lena bpáistí.



eolas faoi amhráin agus faoi áiseanna ar líne a thig le tuismitheoirí/cúramóirí a rochtain sa bhaile, áiseanna agus tacaíocht atá forbartha ag [Altram](#) san áireamh.



teanga/frásaí a thabhairt do thuismitheoirí le cur le féinmhuinín na bpáistí, mar shampla, 'ar fheabhas', 'ar dóigh', 'maith thú' srl.



Thig le tuismitheoirí:

a bpáistí a spreagadh le labhairt faoi na téamaí agus a gcuid eolais ar an stór focal Gaeilge a bhaineann le gach téama a roinnt.

am a chaitheamh lena bpáistí agus suim a léiriú agus iad ag súgradh, ag cruthú agus ag foghlaim. Labhair faoin rud atá siad a dhéanamh agus mol a gcuid iarrachtaí. Déan iarracht úsáid a bhaint as cuid den stór focal Gaeilge a chuir an scoil ar fáil.

léamh dá bpáistí i nGaeilge nó i mBéarla. Agus tusmitheoirí ag léamh scéalta, is féidir labhairt faoi na pictiúir, na leathanaigh a chuntas, labhairt faoi na dathanna, úsáid a bhaint as na heochairfhoicil a cuireadh ar fáil.

a bpáistí a spreagadh le héisteacht le hamhráin agus le scéalta i nGaeilge, agus le húsáid a bhaint as áiseanna i nGaeilge sa bhaile, le cur leis an teagmháil atá acu leis an teanga. Lig dóibh amharc ar chlár fhóirteanacha teilifíse do pháistí, go háirithe ar chlár i nGaeilge Chúige Uladh ar nós [Na Dódaí](#) agus [Déan Damhsa Liom](#).

tacú lena bpáistí agus iad a spreagadh le Gaeilge a úsáid agus iad ag caint le páistí eile – deirfiúracha/deartháireacha, páistí eile ón scoil srl.

iarrachtaí a bpáistí a mholadh agus frásaí simplí Gaeilge a úsáid le cur lena bhféinmhuinín. cibé Gaeilge atá acu a úsáid agus iad ag caint lena bpáistí.

deiseanna do pháistí caidreamh a dhéanamh le múinteoirí agus le páistí eile sa rang i nGaeilge.

teanga/frásaí a thabhairt do thuismitheoirí le cur le féinmhuinín na bpáistí, mar shampla, 'ar fheabhas', 'ar dóigh', 'maith thú' srl.

An Bhonnchéim (Blianta Bunscoile 1&2)

Thig le scoileanna an tacaíocht seo a leanas a chur ar fáil:

cur síos ar an teanga/na téamaí a bheas á gclúdach ar scoil mar aon le stór focal bunúsach agus treoir fuaimnithe don daingniú sa bhaile.



treoir agus stór focal do thascanna simplí is féidir a dhéanamh sa bhaile leis an spríochtheanga a dhaingniú, mar shampla, tionscadail ealaíne bunaithe ar théama, gníomhaíochtaí marla bunaithe ar théama, puzail shimplí, gníomhaíochtaí cócaireachta srl.



taifeadtaí de leabhair agus d'amhráin Ghaeilge ar ardáin ar nós [Seesaw/Google Classroom](#) nó naisc chuig suíomhanna amhail [leighanois.ie](#).



aiseolas agus moladh leis na páistí a spreagadh agus le muinín a thabhairt dóibh.



naisc chuig áiseanna agus chuig gníomhaíochtaí cuí ar líne ar nós [Cleite](#) a thugann deis do pháistí a bheith ag plé le Gaeilge labhartha agus scríofa.



liostaí léitheoireachta nó moltaí maidir le téacsanna atá oiriúnach dá n-aois.



deiseanna do pháistí caidreamh a dhéanamh le múinteoirí agus le páistí eile sa rang i nGaeilge.



teanga/frásaí a thabhairt do thuismitheoirí le cur le féinmhuinín na bpáistí, mar shampla, 'ar fheabhas', 'ar dóigh', 'maith thú' srl.



Thig le tuismitheoirí:

a bpáistí a spreagadh le labhairt faoi na téamaí agus a gcuid eolais ar an stór focal Gaeilge a bhaineann le gach téama a roinnt.

am a chaitheamh lena bpáistí agus suim a léiriú agus iad ag súgradh, ag cruthú agus ag foghlaim. Labhair faoin rud atá siad a dhéanamh agus mol a gcuid iarrachtaí. Déan iarracht úsáid a bhaint as cuid den stór focal Gaeilge a chuir an scoil ar fáil.

a bpáistí a spreagadh le héisteacht le leabhair agus le hamhráin Ghaeilge nuair nach bhfuil siad ar scoil le cur leis an teagmháil atá acu leis an teanga sa bhaile.

obair chríochnaithe nó grianghraif/físeáin d'fhoghlaim na bpáistí a roinnt leis an mhúinteoir. Labhair faoin aiseolas agus mol a gcuid iarrachtaí.

a bpáistí a spreagadh le háiseanna molta ar líne a úsáid, agus a dhéanamh cinnte de go bhfuil cothromaíocht ann idir obair ar líne agus obair as líne.

a bpáistí a spreagadh le bheith ag léamh sa bhaile i nGaeilge agus i mBéarla agus le labhairt faoina bhfuil á léamh acu.

léamh dá bpáistí. Tá sé tábhachtach léitheoireacht líofa a mhúnlú i dteanga ar bith; tá scileanna léitheoireachta inaistrithe ó theanga go teanga.

tacú lena bpáistí agus iad a spreagadh le Gaeilge a úsáid agus iad ag caint le páistí eile – deirfiúracha/deartháireacha, páistí eile ón scoil srl.

iarrachtaí na bpáistí a mholadh agus frásaí simplí Gaeilge a úsáid le cur lena bhféinmhuinín.

cibé Gaeilge atá acu a úsáid agus iad ag caint lena bpáistí.

Eochairchéim 1 agus 2 (Blianta Bunscoile 3-7)

Thig le scoileanna an tacaíocht seo a leanas a chur ar fáil:

cur síos ar na gníomhaíochtaí foghlama mar aon le gluais dhátheangach, a léiríonn téarmaí agus stór focal ábhartha, le tacú le tuismitheoirí/cúramóirí a bhfuil leibhéal éagsúla Gaeilge acu.



moltaí le plé a spreagadh ar na gníomhaíochtaí foghlama (fíú más i mBéarla atá an plé, is deis atá ann do na páistí scileanna trasteangaithe a fhorbairt).



aiseolas agus moladh leis na páistí a spreagadh agus le muinín a thabhairt dóibh.



taifeadtaí de leabhair/téacsanna i nGaeilge ar ardáin ar nós [Seesaw/Google Classroom](#) nó naisc chuig suíomhanna cuí amhail [leighanois.ie](#) agus [Seomra Nuachta](#).



liostaí léitheoireachta nó moltaí maidir le téacsanna atá oiriúnach dá n-aois.



naisc chuig áiseanna agus chuig gníomhaíochtaí cuí ar líne, ar nós [Cleite](#), [Cód na Gaeilge](#) agus [Snas ar Scéal](#), a thugann deis do pháistí a bheith ag plé le Gaeilge labhartha agus scríofa.



deiseanna do pháistí caidreamh a dhéanamh le múinteoirí agus le páistí eile sa rang i nGaeilge.



gníomhaíochtaí seach-churaclaim le foghlaim na bpáistí a shaibhriú, mar aon le heolas faoi eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seachttracha a thacaíonn go gníomhach leis an Ghaelscolaíocht, clubanna óige áitiúla agus eagraíochtaí Gaeilge san áireamh.



Thig le tuismitheoirí:

iad féin a chur ar an eolas faoi gníomhaíochtaí foghlama pleanáilte agus tacú lena bpáistí leis an stór focal a bhaineann leo.

na moltaí don phlé a úsáid le labhairt faoina bhfuil á foghlaim ag na páistí agus le suim a léiriú ann. Is féidir an plé a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla; tá tábhacht nach beag le bunús láidir i dteanga an bhaile le gnóthachtaí agus féinmhuinín foghlaimeoirí dátheangacha a fheabhsú.

obair chríochnaithe nó grianghraif/físeáin d'fhoghlaim na bpáistí a roinnt leis an mhúinteoir nó na páistí a spreagadh lena gcuid oibre a roinnt. Labhair faoin aiseolas agus mol a gcuid iarrachtaí.

a bpáistí a spreagadh le bheith ag éisteacht leis an Ghaeilge ar bhonn rialta le cur leis an teagmháil atá acu leis an teanga sa bhaile.

a bpáistí a spreagadh le bheith ag léamh sa bhaile i nGaeilge agus i mBéarla agus le labhairt faoina bhfuil á léamh acu.

léamh dá bpáistí. Tá sé tábhachtach léitheoireacht líofa a mhúnlú i dteanga ar bith; tá scileanna léitheoireachta inaistrithe ó theanga go teanga.

a bpáistí a spreagadh le háiseanna molta ar líne a úsáid, agus a dhéanamh cinnte de go bhfuil cothromaíocht ann idir obair ar líne agus obair as líne.

tacú lena bpáistí agus iad a spreagadh le Gaeilge a úsáid agus iad ag caint le páistí eile – deirfiúracha/deartháireacha, páistí eile ón scoil srl.

a bpáistí a spreagadh go gníomhach le páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí Gaeilge taobh amuigh den scoil, mar shampla, iad a spreagadh le dul chuig club óige Gaeilge.

cibé Gaeilge atá acu a úsáid agus iad ag caint lena bpáistí.

An Iar-Bhunscoil

Thig le scoileanna an tacaíocht seo a leanas a chur ar fáil:

tumadh sa Ghaeilge agus réimse ábhar a chur ar fáil acu i bhformáid scríofa, radhairc agus fuaimne.



deiseanna do dhaltaí scileanna teanga agus litearthachta a fhorbairt agus iad ag foghlaim trí mheán na Gaeilge sa bhaile.



rochtain ar réimse ábhar léitheoireachta i nGaeilge a bheadh tarraingteach ag daoine óga.



tascanna ar líne agus naisc chuig áiseanna cuí ar líne, áiseanna a thugann deis do dhaltaí a bheith ag plé le Gaeilge labhartha agus scríofa, san áireamh.



treoir agus aiseolas ó bhéal ar obair chríochnaithe.



gníomhaíochtaí seach-churaclaim le foghlaim na bpáistí a shaibhriú, mar aon le heolas faoi eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seachttracha a thacaíonn go gníomhach leis an Ghaelscolaíocht, clubanna óige áitiúla agus eagraíochtaí Gaeilge san áireamh.



treoir do thuismitheoirí maidir le hardáin foghlama ar líne ar nós [Google Classroom](#) a úsáid.



rannán eolais do thuismitheoirí ar shuíomh gréasáin na scoile le heolas a roinnt faoi thuras foghlama na ndaltaí sa bhliain atá amach rompu.



Thig le tuismitheoirí:

a bpáistí a spreagadh le dul i ngleic le gach cineál oibre a chuireann an scoil ar fáil agus labhairt leo faoina gcuid foghlama, i nGaeilge nó i mBéarla.

a dhéanamh cinnte de go bhfuil rochtain ag a bpáistí ar fhoclóirí agus ar áiseanna ar líne ar nós [foclair.ie](#), [tearma.ie](#) agus [teanglann.ie](#) ar a gcuid gléasanna.

obair a bpáistí a léamh. Is ionann bunphoinceacht agus úsáid paragraf i nGaeilge agus i mBéarla. Thig le tuismitheoirí tacú lena bpáistí scileanna litearthachta a fhorbairt sa dá theanga.

a bpáistí a spreagadh le bheith ag léamh i nGaeilge agus i mBéarla agus éisteacht leo agus iad ag léamh os ard, ar neamhchead dá gcumas féin sa Ghaeilge.

a bpáistí a spreagadh le háiseanna molta ar líne a úsáid, agus a dhéanamh cinnte de go bhfuil cothromaíocht ann idir obair ar líne agus obair as líne.

tacú lena bpáistí agus cuidiú leo a gcuid oibre chríochnaithe a roinnt lena múinteoirí agus treoir agus aiseolas a léamh/éisteacht leis.

dialann obair bhaile na bpáistí a sheiceáil ar bhonn laethúil agus tacú leo a n-ualach oibre a bhainistiú.

a bpáistí a spreagadh go gníomhach le páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí Gaeilge taobh amuigh den scoil, mar shampla, iad a spreagadh le dul chuig club óige Gaeilge, nó le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cuí ar líne i nGaeilge.

iad féin a chur ar an eolas faoin ardán foghlama le tacú lena bpáistí leis an foghlaim ar líne. Thig le tuismitheoirí clárú le cuntas a bpáistí agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn/ábhair bhuartha.

suíomh gréasáin na scoile a rochtain agus an treoir a úsáid le tacú lena bpáistí ar a dturas foghlama.